Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9581/25**
**COR 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0448 (COD)**

**VETER 62**
**AGRI 235**
**AGRILEG 87**
**CODEC 715**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle<br>*- Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

In 9581/25, ar leathanach 4, léitear mír 7 mar seo a leanas (fonótaí ceartaithe):

'7. Bunaithe ar an scrúdú a rinne an Mheitheal ar an togra agus ar na barúlacha i scríbhinn a fuarthas, rinne Uachtaránacht na Polainne an méid seo a leanas:

– thíolaic sí moltaí maidir le dréachtú i ndáil le Caibidil VI (*Coinníollacha maidir le hainmhithe talún a iompar*) agus Caibidil V chomhfhreagrach d'Iarscríbhinn I (*Faid ama turas, teochtaí, tréimhsí sosa agus eatraimh uiscithe agus bheathaithe*)[10] lena bplé ag an Meitheal an 5-6 Feabhra, agus ina dhiaidh sin moltaí athbhreithnithe breise maidir le dréachtú[11][12], lena bplé sa Mheitheal an 2-3 Aibreán agus an 4-5 Meitheamh. Roghnaigh an Uachtaránacht an dá Chaibidil sin mar phríomhfhócas mar gheall ar roinnt réimsí ar tugadh aghaidh orthu iontu, réimsí a shainaithin an Uachtaránacht a bheith ríthábhachtach.

10 5652/25 agus 5651/25.
11 7372/25.
12 5651/1/25 REV 1.

– rinne sí moltaí maidir le dréachtú a ullmhú maidir le Caibidil II (‘Údaruithe eagraí agus iompróra’) agus Iarscríbhinn Va nua (‘Plean Teagmhasach’) agus chuir sí i láthair iad lena bplé sa Mheitheal an 2-3 Aibreán; agus rinne sí moltaí maidir le dréachtú a athbhreithniú a thuilleadh lena bplé sa Mheitheal an 4-5 Meitheamh; mar obair leantach ar an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na hUngáire, rinne sí tuilleadh moltaí maidir le dréachtú i ndáil le Caibidil V (‘Oibleagáidí le linn iompair agus ag an gceann scríbe’)[13] a ullmhú agus a chur i láthair lena bplé sa Mheitheal an 5-6 Feabhra,

– chun ábhar a chur ar fáil don obair a dhéanfar amach anseo faoin gcéad Uachtaránacht eile, d’iarr sí ar na toscaireachtaí barúlacha i scríbhinn agus moltaí maidir le dréachtú a chur isteach maidir le Caibidil III (‘Modhanna iompair’) agus Caibidil IV (‘Oibleagáidí roimh imeacht’) agus Caibidil I d’Iarscríbhinn I (‘Oiriúnacht i gcomhair iompair’).’

---

[13] 14743/2/24 REV 2.